**Foilsiú iarratais ar ainm a chosaint de bhun Airteagal 97(4), an chéad fhomhír de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle in earnáil an fhíona**

(C/2025/1933)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air nó uirthi i dtríú tír freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

**'Cirò Classico'**

**PDO-IT-03209**

**Dáta an iarratais: 18.3.2024**

1. **Ainm le clárú**

Cirò Classico

2. **Cineál táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

***Cirò Classico***

Dath: dath dearg an rúibín, agus dath an ghairnéid ag teacht air le haois.

Dea-bholadh: dian agus casta, le dea-bholaithe torthaí dearga agus blasanna spíosracha.

Blas: tirim, tathagach, comhchuí, agus fanann sé sa bhéal.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 13,00 %.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 27 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) | - |
| Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) | - |
| Aigéadacht iomlán íosta | 4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | - |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) | - |

5. **Cleachtais fhíoneolaíochta**

a. *Cleachtais fhíoneolaíocha fhíor-riachtanacha*

-

b. *Uastáirgeacht*

*Cirò Classico*

8 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Fíonchaora a úsáidtear chun fíonta a dhéanamh ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint ráthaithe ‘Cirò Classico’, ní mór iad a tháirgeadh sa limistéar táirgthe ina bhfuil críocha uile bhardais Cirò agus Cirò Marina.

7. **Cineál/cineálacha fíonchaor**

Gaglioppo N.

Gaglioppo N. – Magliocco

Greco Nero N. – Greco

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *A) Mionsonraí an limistéir gheografaigh*

1) Tosca is ábhartha don nasc

Is éard atá sa limistéar geografach sainithe críoch riaracháin iomlán bhardais Cirò agus Cirò Marina. Baineann an limistéar leis an gcrios airde ar a dtugtar na cnoic chósta, a shíneann ó leibhéal na farraige suas go dtí airde uasta 462 mhéadar os cionn leibhéal na farraige. Tá limistéar STFC (DOCG) ‘Cirò Classico’ i gcúige Crotone, ar an gCósta Iónach, é suite i gcúlchríoch chnocach Crotone, atá faoi chosaint ag fánaí an réigiúin Sila. Cuimsíonn an limistéar thart ar 9 000 heicteár a shíneann feadh an chósta Iónaigh ar feadh thart ar 15 km agus a shíneann thart ar 10 km istigh faoin tír.

Síneann sé ó na ceantair chósta go dtí limistéir an tsaothraithe léibheannaigh ar an taobh thiar de Punta Alice. Níos faide istigh faoin tír, tá cnoic mhaolaithe, rud a fhágann go bhfuil cuma beagán droimneach ar an tírdhreach. Ar deireadh, tá comhcheirtleáin agus gainimh sna limistéir is faide istigh faoin tír, ar féidir iad a aithint go héasca a bhuí lena bhfánaí níos géire.

Tá an limistéar cumhdaithe go hiomlán le dríodar Pléicéineach atá ar bharr an bhonnlaigh chriostalta Phailéasóigh. Tharla an t-aistriú go dtí an sealad Méicéineach de réir a chéile le hidirshuíomh lomán comhcheirtleáin áitiúil.

Léiríonn sonraí clíomeolaíocha go dtiteann an bháisteach den chuid is mó i dtréimhse an fhómhair agus an gheimhridh, agus buaicphointe na báistí i mí Dheireadh Fómhair, agus go mbíonn sí ag an leibhéal is ísle i mí an Mheithimh.

Baineann an mheánteocht mhíosúil a buaicphointe amach i mí Lúnasa agus bíonn sí ag an leibhéal is ísle i mí Eanáir. Tá aeráid fho-bhogthais go fo-thur ann le samhraí a bhíonn an-tirim agus tiúchan d'éifeachtúlacht theirmeach ann sa samhradh. Is éard a thugann éagsúlacht na bhfoirmeacha talún, na cineálacha éagsúla substráite (máthairábhar) agus na héifeachtaí éagsúla de bharr an ama don limistéar sin éagsúlacht cineálacha ithreach nach beag. Tá gainimh nó comhcheirtleáin ina bpríomh-shaintréithe de na cnoic, a chuimsíonn cuid mhór den limistéar. Tá na hithreacha idir éadomhain agus measartha domhain, agus fianaise ann go bhfuil leathbhá iontu laistigh de 50 cm agus láithreacht mheasartha salann intuaslagtha iontu. Ar deireadh, tá ithreacha atá athraithe go mór i limistéir ársa an tsaothraithe léibheannaigh ar de bhunadh na abhann iad agus arb é is saintréith dóibh sainchiseal ithreach ina bhfuil cré inláisteach. Tá na hithreacha sin measartha domhain le huigeacht mheánach agus pH fo-aigéadach.

I staidéar mapála terroir 2002, *Soil map and terroir zoning of Cirò DOC* [Léarscáil ithreach agus criosú terroir Cirò *DOC*] a rinne ARSSA (an Ghníomhaireacht Réigiúnach um Sheirbhísí Forbartha Talmhaíochta) agus Réigiún Calabria, cuirtear i dtábhacht go sonrach an chaoi a bhfuil saintréithe ilchineálacha ag an ithir i limistéar táirgthe DOCG Cirò Classico (il Feudo, La Ponta agus il Vallo), cé gur as aolchloch agus cré atá sí comhdhéanta i limistéir áirithe. Is saintréith de tháirgeadh an chineáil Gaglioppo, go háirithe, aolchloch a bheith sa limistéar ina dtáirgtear é, cloch nach bhfuil sna limistéir chomharsanachta.

8.2. *A) Mionsonraí an limistéir gheografaigh*

2) Tosca daonna is ábhartha don nasc

Leis na céadta blianta tá cáil ar limistéar Cirò mar limistéar inar féidir fíonta ardcháilíochta a tháirgeadh leis na céadta. Go deimhin, is faide atá fíniúnacha i limistéar DOCG 'Cirò Classico' ná in aon áit eile sa cheantar ar fad. Tagann fíon Cirò atá ann faoi láthair ó fhíon ar a dtugtaí 'Krimisa' sa chianaimsir. Ceaptar go dtagann an t-ainm ó 'Cremissa', coilíneacht de chuid na Gréige, a bhí lonnaithe ar an suíomh ar a bhfuil Cirò Marina sa lá atá inniu ann. Ina theannta sin, in Cremissa bhí teampall tábhachtach a bhí tiomnaithe do Bacchus, Dia an fhíona, agus ba é Krimisa an fíon a thugtaí mar bhronntanas do na lúthchleasaithe Oilimpeacha buacacha. Bhí cáil ar an bhfíon fós in aimsir na Rómhánach agus ina dhiaidh sin go dtí aimsir na Normannach agus na nAinsivíneach. Ón 16ú haois agus go dtí an lá atá inniu ann, áiríodh an fíon mar cheann de na gnéithe a bhí ina shaintréith de thalmhaíocht agus geilleagar an réigiúin Calabria agus é sona, rathúil agus torthúil, de réir íomhánna iontaofa a tugadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Chun an traidisiún ársa a athbheochan, ba é Cirò fíon oifigiúil na gCluichí Oilimpeacha a tionóladh i gCathair Mheicsiceo in 1968. Milo Croton, buaiteoir sé huaire na gCluichí Oilimpeacha, is mór an meas a bhí aige ar an bhfíon sin.

8.3. *B) Sonraí maidir le cáilíocht nó saintréithe an táirge atá inchurtha go bunúsach nó go heisiach i leith na timpeallachta geografaí*

Bíonn dath dearg an rúibín ar STFC (DOCG) 'Cirò Classico' ar a bhfuil dea-bholadh dian casta agus blas tathagach, comhchuí a fhanann sa bhéal, a éiríonn níos séimhe de ghnáth tar éis é a aosú. Tá meas air mar gheall ar dhéine agus castacht a chumhráin, le dea-bholaithe torthaí dearga agus blasanna spíosracha sonracha.

Baineann an phróifíl chéadfach sin leis an gcineál fíonchaor Gaglioppo de ghnáth, a oireann go foirfe do limistéar Cirò. Faightear an phróifíl sin ó mhiocraeráid an limistéir táirgthe, arb é is saintréith di tionscnamh dríodair na n-ithreacha, atá clochach agus saibhir i mianraí. Ina theannta sin, tá tionchar láidir ag an masaíf sléibhte san iarthar agus ag an bhfarraige san oirthear ar an aeráid. Is mór ag raon leathan tomhaltóirí é toisc go bhfuil saintréithe ceimiceacha fisiceacha cothromaithe aige a chuireann leis an gcothromaíocht idir an dea-bholadh agus an blas.

8.4. *C) Tuairisc ar an idirghníomhaíocht chúisíoch idir na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe A agus na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe B*

Leis an meascán de thosca nádúrtha (an ithir agus an aeráid) agus tosca daonna sainítear an idirghníomhaíocht atá le feiceáil i saintréithe fhíon STFC (DOCG) 'Cirò Classico'. Tá an measán le feiceáil go príomha i gcineál amháin, Gaglioppo, atá ar cheann de na príomhchineálacha dúchasacha atá oiriúnaithe don limistéar. Tá claonadh nádúrtha in Cirò i dtreo fíonta dearga a tháirgeadh, agus sin a ghné shainiúil leis na céadta blianta. A bhuí leis an raon cnoc a shíneann ón gcósta Iónach go dtí an chúlchríoch, rud ar cabhair é maidir le solas na gréine a fháil, áirithítear draenáil leanúnach uisce agus soláthraítear teocht a ligeann do Gaglioppo, Magliocco agus Greco Nero an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir siúcraí agus aigéid.

Na hithreacha ar na cnoic, arb ithreacha gainmheacha nó comhcheirtleáin den chuid is mó iad, agus an chré inláisteach i limistéir an tsaothraithe léibheannaigh ar de thionscnamh na habhann iad, tugann siad blasanna diana spíosracha aramatacha do na fíonchaora, chomh maith le castacht atá tipiciúil do STFC (DOCG) Cirò.

Cuireann na leibhéil fhlaithiúla cailciam, fosfair agus potaisiam atá ar fáil sna hithreacha le blas na bhfíonta ina dhiaidh sin.

Bíonn tionchar mór ag na substaintí mianracha atá sna hithreacha clochacha sin ar phróisis choipthe úrfhíonta a fhaightear ó fhíonchaora Gaglioppo, Magliocco agus Greco Nero a fhástar ansin, rud a thugann a mblas saintréitheach do na fíonta. Cuirtear leis na saintréithe céadfacha sin a thuilleadh leis an bpróiseas aosaithe 3 bliana ar a laghad a dhéanann STFC (DOCG) 'Cirò Classico', rud a thugann don táirge blasanna spíosracha is mó agus próifíl bhlais is cruinne, rud atá an-sonrach don táirge, go háirithe i gcomparáid le táirgí a fhaightear ó na fíonchaora céanna a fhástar lasmuigh den limistéar táirgthe sin.

Mar gheall ar an ábhar orgánach íseal atá sna hithreacha go ginearálta agus an méid beag uisce atá atá iontu i gcomparáid le hithreacha eile, forbraíonn na fíniúnacha le fuinneamh teoranta agus, dá bhrí sin, bhíonn an táirgeacht uathu teoranta. Sna limistéir chnocacha ina bhfuil an doimhneacht ithreach níos lú de bharr níos mó ciseal buncharraige dromchlacha a bheith ann, bíonn na táirgeachtaí níos ísle ar an meán ach bíonn ardleibhéal castachta boltanaí ag baint leis na fíonta a tháirgtear iontu agus is léiriú maith iad ar na táirgeachtaí is fearr de chuid Gaglioppo.

Leis an aeráid, a bhfuil a raon idir fo-bhogthais go fo-thur agus ina mbíonn samhraí an-tirim lena ngabhann tiúchan d'éifeachtúlacht theirmeach sa samhradh, áirithítear go n-aibíonn na triopaill fíonchaor i gceart, rud a fhágann go ndéantar substaintí aramatacha, mar atá beinséanóidigh ach noirisipréanóidigh go háirithe, a charnadh ar bhealach níos iomláine agus go ndéantar díghrádú mall ar chomhpháirt an aigéid. Is saintréith eile do Gaglioppo sa limistéar sin é an leibhéal íseal teirpéiní.

Le linn shéasúr aibithe na bhfíonchaor, bíonn éagsúlacht nach beag sa teocht idir lá agus oíche agus bíonn aeráil mhaith ann, mar thoradh ar an suíomh agus ar an airde araon. A bhuí leis na dálaí sin baineann na fíonchaora amach an aibíocht is fearr is féidir agus fanann siad sláintiúil ó thaobh sláinte plandaí de, agus dá bhrí sin is féidir leis na fíonta a gcomhpháirteanna aramatacha agus a ndoimhneacht a chaomhnú, ar saintréithe iad do na trí chineál Chalábracha dhúchasacha.

Tá na saintréithe sin ag baint leo go bunúsach mar gheall ar ithir agus ar dhálaí aeráide an limistéir gheografaigh ina dtáirgtear iad. Leis an tír-raon cnocach, mar aon le haeráid Mheánmhuirí a bhfuil tionchar láidir ag an masaíf sléibhte san iarthar agus ag an bhfarraige san oirthear uirthi, rialaítear an raon teochta agus bíonn an deis ag na fíonchaora aibiú go barrmhaith, le leibhéil mhaithe siúcra, aigéad orgánach, comhdhúl feanólach agus cumhrán. Cuirtear comhpháirteanna den sórt sin in iúl ansin i saintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha na bhfíonta, agus ina mblasanna úire.

Is iad na córais treoraithe nacórais a úsáidtear go traidisiúnta sa limistéar. Go háirithe, modh traidisiúnta na gcuach agus na córais treoraithe treilísí ingearacha agus na córais phrúnála, a tháinig chun cinn a bhuí le taithí agus saineolas na bhfíonsaothraithe, cuidíonn siad le réamhtheachtaithe aramatacha a chaomhnú, ar réamhtheachtaithe iad a gcuireann teochtaí arda isteach go mór orthu. Fágann siad freisin gur féidir faireachán leanúnach a dhéanamh ar cháilíocht, ar leibhéal aibíochta agus ar shláinte na dtriopall fíonchaor, agus chomh maith leis sin soláthraíonn siad cosaint mhaith ar ghanntanais uisce le linn an tséasúir is tirime, séasúr a leanann ar aghaidh ar na domhanleithid sin ar feadh cuid mhór de thimthriall fáis na fíniúna.

## 9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise**

*Buidéalú laistigh den limistéar geografach críochaithe*

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Buidéalú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór buidéalú a dhéanamh laistigh den limistéar atá críochaithe le haghaidh táirgthe chun cáilíocht agus clú an fhíona ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint ráthaithe 'Cirò Classico' a chosaint.

Is é an fáth a ndéantar an buidéalú laistigh den limistéar críochaithe an gá atá le cáilíocht fhíonta DOCG 'Cirò Classico' a chaomhnú, a dtionscnamh a ráthú agus a áirithiú gur féidir rialuithe éifeachtúla, cost-éifeachtúla a dhéanamh ar bhonn tráthúil.

De bharr thopagrafaíocht agus bhealaí iompair Calabra, d'fhéadfadh iompar agus buidéalú lasmuigh den limistéar táirgthe cur isteach ar cháilíocht fhíon DOCG 'Cirò Classico', á fhágáil neamhchosanta ar imoibrithe ocsdithe, athruithe tobanna ar theocht agus éilliú micribhitheolaíoch. Is féidir leis na feiniméin sin go háirithe éifeachtaí diúltacha a bheith acu ar na saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha (aigéadacht iomlán íosta, eastóscán íosta saor ó shiúcra, etc.) agus na saintréithe orgánaileipteacha (an dath, an dea-bholadh agus an blas). Méadaíonn na rioscaí sin de réir mar a chumhdaítear achar níos mó. I gcodarsnacht leis sin, má dhéantar an buidéalú sa limistéar tionscnaimh agus mura n-iompraítear baisceanna fíona ach thar achair ghearra nó mura n-iompraítear iad ar chor ar bith, cuidíonn sin le saintréithe agus cáilíocht an táirge a choinneáil slán. Thar na blianta, tá taithí agus eolas teicniúil agus eolaíoch fónta faighte ag táirgeoirí an ainmniúcháin tionscnaimh 'Cirò Classico' ar cháilíochtaí ar leith na bhfíonta. In éineacht leis an méid thuas, de bharr na dtosca sin is féidir buidéalú a dhéanamh sa limistéar tionscnaimh agus na réamhchúraimí teicneolaíochta is fearr á nglacadh. Is é an aidhm atá ann saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha uile na bhfíonta a chumhdaítear leis an tsonraíocht a chaomhnú.

Thairis sin, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm, déantar foráil maidir le húdaruithe aonair chun cosaint a thabhairt do chearta seanbhunaithe na ndaoine sin a rinne STFC (DOC) 'Cirò Classico' a bhuidéalú go traidisiúnta lasmuigh den limistéar táirgthe críochaithe, féadfaidh na cuideachtaí buidéalaithe lena mbaineann maolú a fháil chun leanúint den bhuidéalú ag a n-áitreabh atá suite lasmuigh den limistéar críochaithe, ar choinníoll go gcuireann siad iarratas faoi bhráid na hAireachta Talmhaíochta, Biafhlaithis agus Foraoiseachta, i gcomhréir leis na forálacha atá i bhfeidhm.

**Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/21139